



Chuig Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna Deonacha, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha

Nóta Eolais ar D'Iomarcaíocht Chúntóirí Riachtanas Speisialta

1. Réamhrá

1.1 Leagann [Ciorclán 0058/2006](#) - 'Redundancy Arrangements for Special Need Assistants', a eisíodh on Roinn níos luaithe i mbliana na comhshocruithe iomarcaíochta a comhaontaíodh do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.

1.2 Tá tuilleadh soiléirithe ar fheidhmiú na scéime agus go sonrach faoin bpróiseas feidhmithe d'íocaíocht iomarcaíochta leagtha amach sa nóta eolais seo.

2. Sainiú ar Iomarcaíocht

2.1 Seo a leanas achoimre bhunúsach ar iomarcaíocht:-

'Tarlaíonn iomarcaíocht nuair a scoireann post fostaí de bheith ann agus ní thagann duine eile in áit an fhostaí'

2.2 Maidir leis an gcomhaontú iomarcaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta ní thagann staid iomarcaíochta i gceist ach amháin sa chás go mbíonn laghdú iarbhír i leithroinnt uaire SNA chuig scoil. Mar shampla má fhágann leanbh ag a bhfuil tacaíocht SNA an scoil ach ní laghdaíonn an tEagraí Riachtanas Speisialta (SENO) an leithroinnt fhoriomlán don scoil ansin ní thagann staid iomarcaíochta chun cinn.

2.3 Sa chás go socraíonn Cúntóirí Riachtanas Speisialta imeacht as scoil go deonach ní thagann staid iomarcaíochta chun cinn is cuma an laghdaítear an leithroinnt uaire SNA sa scoil nó nach laghdaítear. Ní íocfar iomarcaíocht le haon Chúntóirí Riachtanas Speisialta a bheidh ag imeacht as scoil go deonach.

2.4 Tabhair ar aird nach dtagann íocaíocht iomarcaíochta chun cinn mura mbeidh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

- ☞ Go bhfoirceannaítear an conradh don Chúntóir Riachtanas Speisialta sa scoil (mura rud é go bhfuil conradh leanbhshonrach i scríbhinn aige nó aici a thugann teideal dó nó di fanacht sa scoil) agus
- ☞ Go gcomhlíonann an Chúntóir Riachtanas Speisialta a bhfuil foirceannadh á dhéanamh ar a chonradh nó a conradh na critéir atá leagtha amach i [gCiorclán 0058/2006](#) caithfidh sé/sí níos mó ná seirbhís bliain leanúnach amháin a bheith aige nó aici.

3. An Próiseas Iarratais ar Íocaíocht Iomarcaíochta

- 3.1 Sula ndéantar aon iarratas ar íocaíocht iomarcaíochta ní mór duit a bheith sásta go bhfuil staid iomarcaíochta tagtha chun cinn mar atá leagtha amach i [gCiorclán 0058/2006](#) agus mar atá soiléirithe tuilleadh thuas.
- 3.2 Tá [Ciorclán 0058/2006](#) a leagann amach téarmaí an chomhaontaithe iomarcaíochta, foirm iarratais RP50 agus treoracha faoi líonadh fhoirm RP50 ar fáil ar ghréasán na Roinne seo ag – www.education.ie faoi Pearsanra Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta.
- 3.3 Ní mór duit na treoracha sin a leanúint go cúramach mar d'fhéadfaí foirmeacha iarratais nach mbíonn an t-eolas iontu san fhormáid a éilítear nó nach mbíonn iomlán a chur ar ais agus ar an tslí sin d'fhéadfaí moill a chur ar an íocaíocht a bhíonn dlíte.

4. [Foirm 'SNA Red1'](#) le dul le hIarratais Amach Anseo ar Iomarcaíochtaí

- 4.1 Bunaithe ar an taithí ó phróiseáil iarratais iomarcaíochta go dtí seo, socraíodh gur chóir an fhoirm atá ag gabháil leis seo – ['Form SNA Red1'](#)

a líonadh freisin agus a chur le hiarratas [RP50](#) le cur isteach chuig an Roinn seo. Cuideoidh an teolas a chuirfear ar fáil ar an bhfoirm seo le próiseáil an iarratais agus ba chóir go gcinnteodh sé go ndéanfaí aon íocaíocht a bheadh dlíte a íoc in am tráth.

- 4.2 Tá an fhoirm seo ag gabháil leis an nóta eolais seo agus tá sí ar fáil ar ghréasán na Roinne ag – www.education.ie faoi Pearsanra Oideachais /Cúntóirí Riachtanas Speisialta

5. Fiosruithe

- 5.1 Má bhíonn tuilleadh ceisteanna agat déan teagmháil le Roinn Párolla SNA, an Rannóg Párolla, ag 090 648 4142 cuir an cheist i ríomhphost chuig snaredundancy@education.gov.ie.

P. Maloney,
Príomh-Oifigeach,
Rannóg Párolla

Meán Fómhair 2006

Deimhnigh le do thoil an leithdháileadh iomlán de thacaíocht SNA chuig do scoil sula ndearnadh an Cúntóir Riachtanas Speisialta iomarcach (m.sh. 3 lánaimseartha and 5 uaire).

Leithdháileadh iomlán

Deimhnigh le do thoil an leithdháileadh iomlán tacaíocht SNA sa scoil agat díreach tar éis an chás iomarcaíochta.

Leithdháileadh iomlán

An ndearna tú iarratas ar thacaíocht bhreise SNA do do scoil nach bhfuil próiseáilte go fóill?
(Cuir tic de réir mar is cuí)

Rinne	Ní dhearna

Le síniú ag an bPríomh-Mhúinteoir:

Deimhním go bhfuil an t-eolas ar an bhfoirm seo cruinn ceart, chomh fada agus is eol dom.

Sínithe:

Dáta:

Le síniú ag an SNA:

Deimhním go bhfuil an t-eolas ar an bhfoirm seo cruinn ceart, chomh fada agus is eol dom.

Sínithe:

Dáta:

Le síniú ag an gCathaoirleach, An Bord Bainistíochta:

Deimhním go bhfuil an t-eolas ar an bhfoirm seo cruinn ceart, chomh fada agus is eol dom.

Sínithe:

Dáta:

Uimh. Theileafóin an Chathaoirleach:

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú, í a chur i gceangail le Foirm RP50 – iarratas iomarcaíochta, agus í a chur ar aghaidh chuig:

An Rannóg Párolla NTS, An Roinn Oideachais & Scileanna, Corn na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

Is ceart don Chúntóir Riachtanas Speisialta an fhoirm don Phainéal Forlíontach Sannta 2020/21 a choimeád agus is ceart don scoil cóip di a choimeád.